Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission
Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath

Teileafón: +353-90-64 42741. Facs:+353-90-647 3080. Gréasán: www.examinations.ie. R-phost: info@examinations.ie

S59/15

Chuig Údaráis Bhainistíochta na Scoileanna Dara Leibhéal

Scrúdú Ceoil na hArdteistiméireachta in 2017

Tar éis cainteanna leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), tá cinneadh déanta go mbeidh na gnásanna seo a leanas i bhfeidhm i scrúdú Ceoil na hArdteistiméireachta, Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal, le linn scrúduithe 2017 agus as sin amach. Is é an chúis atá leis an athrú seo ná an córas nodaireachta le haghaidh iarmhíreanna na gcordaí a chaighdeánú do na hiarrthóirí go léir. Chuir an Roinn Oideachais agus Scileanna na scoileanna ar an eolas faoi na hathruithe seo in Imlitir 0037/2015 de chuid na Roinne.

Beidh na gnásanna seo a leanas i bhfeidhm maidir le hainmniú na gcordaí i gCeol na hArdteistiméireachta. Áirítear na gnásanna seo ar an iliomad córas atá in úsáid go coitianta.

Gléas: C mór **Key: C major**

Siombail an Chorda	C	Dm	Em	F	G	Am	B°
Chord Symbol	C	Dm	Em	F	G	Am	B°
An Uimhir Rómhánach	I	ii	iii	IV	V	vi	vii^{o}
Roman Numeral	I	ii	iii	IV	V	vi	vii^{o}

Gléas: C mion **Key: C minor**

Siombail an Chorda	Cm	D°	E♭+	Fm	G	A♭	B°
Chord Symbol	Cm	D°	E♭+	Fm	G	A♭	B°
An Uimhir Rómhánach	i	ii^{o}	III^{+}	iv	V	VI	vii^{o}
Roman Numeral	i	ii^{o}	III^{+}	iv	V	VI	vii^{o}

Mar thoradh air sin, beifear ag súil leis go mbainfidh gach iarrthóir ar Scrúdú Ceoil na hArdteistiméireachta in 2017, agus ina dhiaidh sin, úsáid as an iarmhír ‘^{o}’ chun cordaí laghdaithe a chur in iúl agus as ‘$^{+}$’ chun cordaí méadaithe a chur in iúl, mar a léirítear thuas i gcás na ngléasanna C mór agus C mion.

Tugaigí an ciorclán seo d’aire na múinteoirí Ceoil go léir sa scoil, le bhur dtoil.

Má tá aon cheist agaibh faoi seo, gabhaigí i dteagmháil le Coimisiún na Scrúduithe Stáit ag an uimhir 090 644 2700, le bhur dtoil.

Finbarr Connolly
Oifigeach Feidhmiúcháin
Meán Fómhair, 2015